



## **Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna Aitheanta, Scoileanna Speisialta agus Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna.**

### **Bearta chun rochtain ar ionadaithe do bhunscoileanna a mhéadú 2021/2022**

Tá an Roinn Oideachais tar éis a bheith i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara oideachais maidir leis na saincheisteanna a ardaíodh faoin deacracht teacht ar ionadaithe do neamhláithreachtaí múinteoirí ag an am seo.

Aithnítear go bhfuil brúnna ar leith sa réimse seo i láthair na huaire mar gheall ar Covid-19 agus dá bhrí sin tá na socrúithe seo a leanas curtha i bhfeidhm chun cuidiú le fáil a bheith ar ionadaithe i ndiaidh an tsosa mheántearma agus don chuid eile den scoilbhliain 2021/22.

#### **Painéil Soláthair:**

Is é cuspóir an phainéil soláthair freastal ar riachtanais ionadaíochta ina bhfuil múinteoirí as láthair, go háirithe i gcás neamhláithreachtaí neamhphleanáilte nó gearrthréimhsí neamhláithreachta. Tá nach mór 380 múinteoir fostaithe anois ag na Painéil um Soláthar Múinteoirí Ionadaíochta Bunscoileanna agus soláthraíonn siad clúdach ionadaíochta do níos mó ná 2,500 bunscoil ar fud na tíre.

Rinneadh athbhreithniú ar na painéil soláthair agus tá thart ar 100 múinteoir breise á gcur le réimsí atá ann cheana/réimsí nua ina bhfuil sé léirithe go bhfuil dúshláin shuntasacha maidir le hionadaithe a aimsiú. Beifear i dteagmháil leis na scoileanna bunaidh chun socrúithe a dhéanamh maidir le baill foirne breise a earcú díreach i ndiaidh an tsosa mheántearma.

Moltar, nuair is féidir, go ndéanfaí áirithintí **nua** roimh ré do na Painéil Soláthair i ndiaidh an tsosa mheántearma a theorannú do neamhláithreachtaí a tharlaíonn laistigh de dhá sheachtain ar a mhéad d'fhonn níos mó solúbthachta a chinntiú do neamhláithreachtaí neamhphleanáilte.

#### **Braislí do laethanta Scaoilte Príomhoidí Teagaisc:**

Tar éis an fhógra fáiltithe i mBuiséad 2022 go leanfar le laethanta Scaoilte Príomhoidí Teagaisc, ba cheart do scoileanna socrúithe a dhéanamh go gclúdódh ionadaí rialta na laethanta seo. Níl sé i gceist go n-úsáidfí na painéil soláthair chun laethanta scaoilte príomhoidí teagaisc a chlúdach.



Moltar do scoileanna oibriú le chéile chun a leithdháileadh laethanta scaoilte príomhoidí a chomhcheangal i mbraislí d'fhonn post lánaimseartha ar théarma seasta a chruthú chun laethanta scaoilte gach príomhoide scoile don scoilbhliain 2021/22 a chlúdach. Iarrtar ar scoileanna an deis seo a úsáid chun múinteoirí a cheapadh d'fhonn clúdach ionadaíochta a chinntiú do na laethanta seo. Is í Aguisín A de Chiorclán 0019/2020, atá ar fáil [anseo](#), an fhoirm iarratais do Phoist Scaoilte nua do Príomhoidí.

#### **Múinteoirí atá ag Comhroinnt Poist:**

Tá na srianta a chuirtear ar mhúinteoirí atá ag comhroinnt poist, maidir le hionadaíochta a dhéanamh, curtha ar fionraí go sealadach chun deis a thabhairt do na múinteoirí seo laethanta breise a oibriú má tá siad ar fáil chun folúntais a chlúdach ina scoileanna féin agus i scoileanna eile.

Chun críocha pá, caithfidh an scoil bhunaidh na laethanta ionaid a oibrítear a thaifeadadh ar an gCóras Éilimh Ar Líne (OLCS).

#### **Briseadh Gairme:**

Tá an srian a chuirtear ar mhúinteoir obair ionadaíochta a dhéanamh agus é/í ar Shos Gairme maolaithe cheana féin don scoilbhliain reatha faoi Nóta TC 0015/2021. Féadfaidh múinteoirí ar shos gairme obair ionadaíochta a dhéanamh gan srian.

#### **Múinteoirí faoi oiliúint:**

Tá iarrtha ar Institiúidí Ardoideachais (IAO) a bheith solúbtha leis na múinteoirí faoi oiliúint ionas go mbeidh múinteoirí faoi oiliúint ar fáil le haghaidh obair ionadaíochta.

Iarradh ar IAO freisin a bheith i dteagmháil le mic léinn iar-bhunscoile MGO le hiad a chur ar an eolas faoi ionadaíocht a bheith ar fáil i mbunscoileanna.

#### **Feachtas cumarsáide le gach múinteoirí cláraithe:**

Aithnítear go bhfuil múinteoirí ann atá cláraithe ar chlár na Comhairle Múinteoireachta ach nach bhfuil ag múineadh go gníomhach faoi láthair. Iarradh ar an gComhairle Mhúinteoireachta tabhairt faoi fheachtas cumarsáide chun teagmháil a dhéanamh leis an 111,000 múinteoir ar an gclár agus áitiú orthu iad féin a chur ar fáil don ionadaíocht. Iarradh ar mhúinteoirí a d'fhéadfadh a bheith ar fáil chun obair ionadaíochta a dhéanamh clárú ar [SubSeeker.ie](#) ionas go mbíonn scoileanna ar an eolas go bhfuil siad ar fáil nuair a bhíonn siad ag iarraidh folúntais ionadaíochta a líonadh.

Coinneoidh an Roinn an t-ábhar seo faoi athbhreithniú i gcomhar leis na páirtithe leasmhara oideachais.